# NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

**1. Bonn leis na figiúirí**

Na figiúirí a thaispeántar i leith fáltas agus caiteachais in 2004, is aschuir réamh-mheasta iad agus cuireann siad in iúl an t-eolas atá ann faoi láthair. Tá siad faoi réir leasuithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh sonraí lán-iniúchta do 2004 ar fáil sna *Cuntais Airgeadais 2004* agus sna *Cuntais Leithghabhála 2004* a fhoilseofar faoi 30 Meán Fómhair 2005 ar a dhéanaí.

**2. Ioncam**

Tá an meastachán ioncaim do 2005 bunaithe ar na forálacha cánach atá i bhfeidhm anois.

**3. Caiteachas**

Ar 18 Samhain 2004 foilsíodh *Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí (Leagan Coimrithe) agus Ghearrchlár Caipitil Poiblí 2005* (IMC). Na figiúirí do 2005 atá sa doiciméad seo, is ionann iad agus na figiúirí a foilsíodh san IMC. Tá figiúirí réamh-mheasta an aschuir do 2004 ag teacht leis na figiúirí a foilsíodh san IMC, agus is figiúirí sealadacha iad faoi mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí eisiúintí dheireadh na bliana ar fáil go luath in Eanáir 2005.

**4. Leithghabhálacha-i-gCabhair**

Taispeántar caiteachas vótáilte glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad, ar féidir le Roinn nó le hOifig iad a choinneáil, le toiliú na Dála, lena n-úsáid le haghaidh caiteachais in áit iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste. Tá sonraí caiteachais chomhláin vótáilte Ranna in **IMC 2005**.

**5. ASPC**

Íoctar ranníocaíochtaí ASPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), agus <u>ní cuid iad</u> den ioncam a íoctar isteach sa Lárchiste, mar a mhínítear sna paragraif a leanas:

Na híocaíochtaí amach a dhéanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, baineann siad le trí phríomhchatagóir, is é sin,

(a) íocaíochtaí as an CÁS a bhaineann le teidlíocht daoine faoina dtaifead árachais / ASPC / sochair, e.g. sochar dífhostaíochta, pinsin ranníocaíocha, etc.,

(b) íocaíochtaí le daoine <u>nach bhfuil cáilithe feasta nó nach raibh cáilithe riamh</u> faoina dtaifead árachais/ASPC/sochair le híocaíocht a fháil as an CÁS, e.g. cúnamh dífhostaíochta, pinsin neamh-ranníocacha, etc., agus

(c) íocaíochtaí ar nós deontas d'eagraíochtaí.

An méid a vótálann an Dáil don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, is comhdhéanamh é d'íocaíochtaí faoi réir (b) agus (c) thuas, i dteannta le haon suim a bhíonn de dhíth ar an CÁS más lú acmhainní an Chiste ná an tsuim iomlán atá lena híoc as an gCiste in aon bhliain amháin.

I mblianta roimhe seo, ba ghá ranníocaíocht Státchiste chun an gannchion ar an CÁS a chúiteamh. Ach ó 1997 i leith níor ghá ranníocaíocht ón Státchiste.

**6. Réamh-mhaoiniú dliteanais phinsin san am atá romhainn**

San Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 tá socrú go ndéanfar cuid den chostas amach anseo ar phinsin leasa shóisialaigh agus ar phinsin seirbhíse poiblí a réamh-mhaoiniú, agus le 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) a chur ar leataobh gach bliain chun na críche seo (féach Nóta 7 ar leathanach F. 9).

**7. Leithdháiltí Caipitil Tugtha Ar Aghaidh**

Faoi réir Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus Oifigí caipiteal neamhchaite d'oiread suas go 10% dá gcaiteachas caipitil vótáilte a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2004 áirítear méid de €248 milliún a eiseofar as an Státchiste agus a chuirfear do shochar i gCuntas an Phámháistir Ghinearálta do gach Roinn atá i gceist lena chaitheamh in 2005. Léireoidh an t-aschur sealadach in Imleabhar na Meastachán Leasaithe 2005 an caiteachas iarbhír.

**8. Comhardú Rialtais Ghinearálta**

Maidir leis an aschur réamh-mheasta ar an gComhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) in 2004, is barrachas de €1,356 milliún nó 0.9% den OTI atá ann. An réamhfhaisnéis roimh an mBuiséad ar CRG do 2005, thuar sé barrachas de €318 milliún nó 0.2% den OTI (féach leathanach F. 5). Tá sé seo ag teacht leis an gComhardú Státchiste a fhoilsítear sa mheamram seo.

Is sainmhiniú níos leithne ar Rialtas é an téarma Rialtas Ginearálta mar le cois an Státchiste cuimsíonn sé na hÚdaráis Áitiúla, an Ciste Árachais Shóisialaigh, na comhlachtaí Stáit Neamhthráchtála agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean. Mar sin, nuair a dhéantar íocaíocht as an Státchiste don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, ní athraítear an Comhardú Rialtais Ghinearálta.

Socraíonn Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) conas a chinntear na míreanna a cháilíonn faoi rialacha an CRG.

**9. Leagan Gaeilge**

Tá an doiciméad seo á fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie. I gcás aon difríocht idir na leaganacha sa dá theanga, cinnteoidh an Roinn Airgeadais an bhrí cheart atá i gceist agus ní bheidh aon dul thar an gcinntiú sin.